Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Meitheamh 2022**
**(OR. en)**

**9919/1/22**
**REV 1**

**POLCOM 44**
**WTO 108**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Na chéad chonclúidí ón gComhairle ag tús an 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na chéad chonclúidí ón gComhairle maidir leis an 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, mar a ghlac an Chomhairle iad an 12 Meitheamh 2022.

## Na chéad chonclúidí ón gComhairle
## ag tús an 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála

1. Tá an tAontas Eorpach tiomanta do chóras iltaobhach trádála atá oscailte agus riailbhunaithe, a mbeidh Eagraíocht Dhomhanda Trádála nuachóirithe ina chroílár. Tacaíonn an tAontas Eorpach le pacáiste atá uaillmhianach agus réalaíoch don 12ú Comhdháil Aireachta den Eagraíocht Dhomhanda Trádála (CA12), agus beidh sé ag súil go ndéanfaidh comhaltaí uile EDT rannchuidiú dearfach, de réir a gcuid riachtanas agus cumas.

2. Meabhraítear don Chomhairle na ráitis chomhpháirteacha uaithi roimhe seo maidir le cogadh foghach Chónaidhm na Rúise le tacaíocht ón mBealarúis i gcoinne na hÚcráine. Meabhraítear di go seasann sí i ndlúthpháirtíocht le muintir na hÚcráine. Tá ionsaithe á ndíriú ag an Rúis ar an bpobal sibhialta agus réada sibhialtacha mar sprioc aici, amhail ospidéil, saoráidí leighis, scoileanna agus scáthláin. Ní mór deireadh a chur leis na coireanna cogaidh sin láithreach bonn. Iad siúd atá freagrach, mar aon lena gcomhchoirithe, tabharfar chun cuntais iad i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Ní mór don Rúis, anois láithreach, stop a chur leis an bhfogha míleata atá á thabhairt aici ar chríoch na hÚcráine, na fórsaí agus an trealamh míleata uile a tharraingt siar láithreach agus gan choinníoll ó chríoch na hÚcráine ina hiomláine, agus iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine a urramú go hiomlán laistigh dá teorainneacha faoi mar a aithnítear go hidirnáisiúnta.

3. Meabhraítear don Chomhairle an tosaíocht a thugann sí d'athchóiriú EDT agus an rún atá ag an Aontas ról ceannasach a bheith aige i ndáil leis sin. Cuireann sí i dtreis a thábhachtaí atá sé athchóiriú a dhéanamh ar EDT ina phríomhfheidhmeanna ionas gur féidir léi leanúint dá chuspóirí a bhaint amach go héifeachtach agus dul i ngleic le dúshláin an 21ú haois, lena n-áirítear trí chothrom na Féinne a áirithiú. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé an aeráid agus inbhuanaitheacht a dhaingniú ar chlár oibre EDT mar aon le neodracht iomaíoch a bhunú ar bhealach níos daingne laistigh de EDT. Cuireann an Chomhairle chun suntais, mar thosaíocht, gur gá athchóiriú fóinteach chun córas réitithe díospóidí EDT lánfheidhmiúil a athbhunú lena phríomhghnéithe fós ann, gur gá feidhm faireacháin agus bhreithniúcháin EDT a athchóiriú, chomh maith le ról EDT mar fhóram caibidlíochta chun rialacha nua agus nuashonraithe a fhorbairt. Tacaíonn an Chomhairle le hathbhreithniú cuimsitheach a sheoladh trí phróiseas struchtúrtha faoi choimirce na Comhairle Ginearálta, ar oibriú EDT d'fhonn na hathchóirithe is gá a dhéanamh chun a fheidhmeanna a fheabhsú faoin gcéad Chomhdháil Aireachta eile. Maidir leis an gcóras réitithe díospóidí agus an Buanchomhlacht Achomhairc, cuireann an tAontas i dtreis a thábhachtaí atá sé plé a dhéanamh d'fhonn go mbeidh córas réitithe díospóidí lánfheidhmiúil maith ann atá ar fáil do gach comhalta faoi CA13.

4. Tá ríthábhacht ag baint leis na dúshláin, atá ag éirí níos measa i gcónaí, maidir leis an tslándáil bia mar thoradh ar thionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine. Tacóidh an Chomhairle leis na hiarrachtaí a dhéanfar ag CA12 chun aghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na slándála bia. Tacaíonn an Chomhairle le torthaí cothroma i réimse na talmhaíochta, go háirithe feabhsuithe ar thrédhearcacht, lena n-áirítear maidir le srianta ar onnmhairiú, agus cinntí iltaobhacha chun ceannacháin dhaonnúla faoin gClár Domhanda Bia a dhíolmhú ó shrianta ar onnmhairiú, agus, ar bhonn níos ginearálta, chun srianta ar onnmhairiú táirgí talmhaíochta a sheachaint. Ar deireadh, tacaíonn an Chomhairle le seoladh clár oibre, ina bhfuil príomhghnéithe lena dtreorófaí an chaibidlíocht amach anseo, i réimsí amhail tacaíocht intíre a dhéanann saobhadh ar an trádáil agus réiteach buan ar stocshealbhaíocht phoiblí chun críocha slándála bia, i measc réimsí eile.

5. Tá freagairt na hEagraíochta Domhanda Trádála ar an bpaindéim ar cheann de na saincheisteanna is tábhachtaí don Chomhdháil Aireachta amach anseo. Ba cheart go gcuirfeadh an fhreagairt sin le réiteach sásúil chun infhaighteacht vacsaíní COVID-19 a mhéadú i dtíortha i mbéal forbartha. Tacaíonn an Chomhairle le toradh maidir le Trádáil agus Sláinte a chuirfidh feabhas ar fhreagrúlacht an chórais trádála do na dúshláin a eascraíonn as an bpaindéim, a chumhdóidh *inter alia* srianta ar onnmhairiú a laghdú, éascú beart trádála, trédhearcacht fheabhsaithe, comhar le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus gnéithe ábhartha eile. Ba cheart a chur san áireamh sa fhreagairt feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as na solúbthachtaí atá ar fáil faoin gComhaontú TRIPS agus an úsáid sin a shimpliú.

6. I bhfianaise CA12, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir nach mór an chaibidlíocht maidir le fóirdheontais iascaigh a thabhairt i gcrích le toradh substainteach, i gcomhréir le sprioc forbartha inbhuanaithe 14.6 de chuid na Náisiún Aontaithe, lena n-iarrtar ar chomhaltaí EDT cineálacha áirithe fóirdheontas iascaigh a chuireann leis an ró-acmhainn agus leis an ró-iascaireacht a thoirmeasc agus deireadh a chur le fóirdheontais a chuireann le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), agus staonadh ó fhóirdheontais nua den sórt sin a thabhairt isteach. Cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé teacht ar chomhaontú uaillmhianach, comhleanúnach lena gcuirfear le hinbhuanaitheacht acmhainní iascaigh, i gcomhréir le beartais ábhartha an Aontais lena n-áiritheofar iascach atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus a bheidh ag teacht leis an gcuspóir tairbhí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach.

7. Meabhraítear don Chomhairle na tograí a chomh-urraíonn an tAontas maidir le fógraí agus ábhair imní trádála agus iarrann sí go ndéanfaí dul chun cinn maidir leis na saincheisteanna sin ag CA12.

8. Tá an Chomhairle ag tnúth freisin le hathnuachan na ríomhthráchtála iltaobhaí agus moratóirí TRIPS.

9. Is díol sásaimh don Chomhairle gur tugadh an chaibidlíocht maidir le rialáil intíre ar sheirbhísí i gcrích an 2 Nollaig 2021 agus gur cuireadh bailchríoch ar sceidil ghealltanais na gcomhaltaí ina dhiaidh sin.

10. Tacaíonn an Chomhairle leis na hiarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag comhaltaí EDT i dtreo comhar ilpháirtithe trí na Tionscnaimh maidir le Ráiteas Comhpháirteach, go háirithe maidir le r-thráchtáil, éascú a dhéanamh ar infheistíocht don fhorbairt agus i réimse na trádála agus an chomhshaoil, lena bhféadann comhaltaí oibriú go dlúth le chéile ar shaincheisteanna práinneacha.

11. Formheasann an Chomhairle na dréachtdearbhuithe agus na dréachtráitis maidir leis na nithe seo a leanas:

   a. *Dearbhú Aireachta maidir le Trádáil agus Slándáil Bia (WT/MIN(22)/W/17)]*
   b. *Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta ('Sanitary and Phytosanitary declaration for the Twelfth WTO Ministerial Conference: Responding to modern SPS challenges') (WT/MIN(22)/W/3/Rev.1).*
   c. *Ráiteas Aireachta Ghrúpa Ottawa maidir le hathchóiriú na hEagraíochta Domhanda Trádála (ST 10034/1/22 REV1)*

12. Tacaíonn an Chomhairle le hiarrachtaí an Choimisiúin maidir le rath CA12 agus tá sí ag tnúth le comhordú maith idir na Ballstáit agus an Coimisiún i ndáil leis sin. Measfaidh sí an dul chun cinn a dhéanfar i dtaca le toradh cothrom a bhaint amach i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach thuas. Chun na críche sin, tá an Chomhairle ag tnúth leis na tograí ón gCoimisiún i ndáil le téacsanna na ndréachtdearbhuithe agus na ndréachtráiteas atá á bplé in EDT.